# Aighneacht

# Treo Straitéiseach d'Fhoras na Gaeilge

# Eanáir 2020



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire
+353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

Ba mhaith le Conradh na Gaeilge moladh a thabhairt d'Fhoras na Gaeilge as ucht an *Treo Straitéiseach* a fhoilsiú agus comhairiúchán a chur ar bun. Tá gá go mbeidh straitéis cheart ag Foras na Gaeilge le feidhmeanna Foras na Gaeilge a chur chun cinn go héifeachtach.

Is iad seo na moltaí atá ag Conradh na Gaeilge don Treo Straitéiseach:

- Níl aon tagairt sa straitéis don chomhthéacs ina bhfuil Foras na Gaeilge ag feidhmiu ó thaobh maoinithe de. Ba chóir go mbeadh cur síos beacht ar shuíomh an Fhorais ó thaobh maoinithe de le 10 mbliain anuas ag tús na straitéise. Céard is fiú straitéis lán le moltaí nua mura féidir íoc as na rudaí atá idir lámha ag Foras na Gaeilge cheana féin. Ní chóir don straitéis a bheith ag tabhairt dóchas bréagach don phobal maidir leis an obair atá le déanamh nuair nach feidir íoc as na rudaí atá idir lámha cheana féin. Ba chóir go mbeadh sprioc méad airgid luaite le híoc as gach scéim reatha i gceart agus chun go mbeidh siad in ann forbairt i gceart sa chead 5 bliana eile os ár gcomhair roimh aon chaint faoi aon scéim / tionscadal nua. Nuair atá sin déanta, ba chóir go mbeadh figiúr garbh eile ann leis na scéimeanna nua ata ag éirí as an straitéis a mhaoiniú luaite go sonrach.
- Tá go leor staitisticí ábhartha eile sa sraith taighde 'Céard e an scéal' ó 2015 go 2019 a bheadh úsáideach sa Treo Straitéiseach a bhaineann le tuairim an phobail maidir le acmhainní breise, an gá le lárionaid Gaeilge, srl.
- Níl na pobail nua Éireannacha luaite sa phlécháipéis. Is gá clár oibre le freastail orthu ó thaobh feasachta agus ó thaobh oideachis de
- Níl iad siúd atá ag freastal ar an 3ú leibhéal luaite sa cháipéis. Tá gá go mbeidh breis acmhainní curtha ar fáil ionas gur féidir tacaíochtaí cuí a chur ar fáil do na mic léinn.
- Tá suíomh Peig.ie ag déanamh obair mhaith mar shuíomh tairsí do phobal na Gaeilge (agus ag freastail ar an sprioc luaite maidir leis seo sa Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge ó dheas), ach tá gá le hacmhainní breise chun forbairt níos mó a dhéanamh ar an suíomh go mbeidh sé níos cuimsithí agus breis feasacht agus seirbhísí a chur ar fail don phobal.
- Ba chóir d'Fhoras na Gaeilge géarchéim na Gaeltachta a aithint agus gníomhú dá réir.
- Tá gá anailís sochtheangeolaíochta a dhéanamh ar aon chinntí a dhéanfaidh an Foras agus a d'fhéadfadh tionchar a bheith acu ar an bpobal.
- Luaitear sa cháipéis go mbeidh ról comhairliúcháin an Fhorais á úsáid níos minice maidir le cúrsaí oideachais, ach tá gá go mbeidh sé á úsáid i réimsí níos forleithne chomh maith.
- Ba chóir don Fhoras coiste idir rannach a bhunú, mar atá ann maidir leis an bPolasaí Oideachais Gaeltachta, chun tacú le teaghlaigh atá ag tógáil a gclann le Gaeilge laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht.
- Caithfear an reachtaíocht nua don Ghaeilge ó thuaidh agus ó dheas a thógáil san áireamh sa straitéis agus tá gá anailís a dhéanamh ar cén ról a bheidh ag Foras na Gaeilge i dtaobh seo de. Beidh Straitéis na Gaeilge le forbairt ó Thuaidh chomh maith sa chéad 6 mhí eile. Ba chóir don Fhoras a bheith reidh le hacmhainní a chur ar fáil do Chonradh na Gaeilge le cinntiú go mbainfear an leas is fearr as na forbairtí seo ar fad (cuid mhaith díobh bainte amach mar ghealL ar obair an Chonartha le cúpla bliain anuas)
- Go mbeidh straitéis cruthaithe ag Foras na Gaeilge chun léitheoireacht agus scríobh na Gaeilge a normalú. Seo roinnt moltaí don straitéis: comhoibriú le COGG agus an tÁisaonad le cinntiú go bhfuil gach téacsleabhar scoile ar fáil as Gaeilge i ngach ábhar, go mbeidh nuachtán laethúil agus seachtainiúil clóite ann, go mbeidh greannán ann, leabhar leictreonacha ar nós Kindle agus Kobo, go mbeidh closleabhar ann agus irisí atá ar díol trí Bhéarla a aistriú go Gaeilge chomh maith.
- Laghdaigh an méid maorlathas. Cinnte tá gá le taifead a choinneáil ar chaiteachas na deontaithe, ach tá bainistiú rómhion á dhéanamh nuair nach bhfuil gá. Athraigh an ról ó dheontóir go heagraíocht a thugann tacaíocht, cuidiú agus cumasú do na deontaithe.
- Níl aon tagairt do chumhachtú pobal sa phobal agus níl acmhainní á chur ar fáil tríd na scéimeanna atá ar fáil faoi láthair leis seo a dhéanamh. Bheadh an-spéis ag an gConradh sa réimse seo.



Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie

- Tá an eolas tugtha faoin teideal 'Athbheochan Teanga agus Aisiompú Teanga' easnamhach gan dóthain eolais tugtha faoi ghrúpaí agus an obair sa phobal a thosaigh agus a lean leis an obair athbheochana. Bheadh an Conradh sásta cabhrú len é a fheabhsú.
- An moladh seo a leanas a chur san áireamh sa rannóg maidir le hoideachas: Go bhforbrófar agus go gcuirfear i bhfeidhm Polasaí don Ghaeilge sa Chóras Oideachais ón Réamhscoil go dtí an 3ú Leibhéal. Chuimseodh an polasaí an Ghaeilge sa chóras oideachais ag gach leibhéal agus i ngach earnáil, leis na trí chroípholasaí seo a leanas san áireamh sa pholasaí:
    - An Polasaí Oideachais Gaeltachta reatha
    - An Polasaí don Ghaelscolaíocht atá le forbairt (fógartha ag an Aire Oideachais agus Scileanna ar 30/12/19)
    - Polasaí don oideachas a fheidhmíonn trí mheán an Bhéarla
- Sa rannóg faoi chúrsaí raidió, ba chóir don Fhoras a chur san áireamh an riachtanas agus an deis le Raidió Rí-Rá a bheith ar FM go lánaimseartha le daoine oga a spreagadh ó thaobh na Gaeilge de


Ceann-Áras: Uimhir 6, Sráid Fhearchair, Baile Átha Cliath 2, Éire +353 (0)1 4757401 eolas@cnag.ie www.cnag.ie